


COMHAD FÍRICÍ: DRÁMAÍOCHT GCSE Comhpháirt 3



Eolas agus Tuiscint ar Dhrámaíocht, Fiosrú a dhéanamh ar an Téacs Dualgais

Sparkleshark

le Philip Ridley

Sóisialta

- Léiríonn a chuid oibre an bhraistint phobail atá go fóill ann i gceantair atá díothach ón taobh shóisialta de chomh maith leis na bagairtí seachtracha atá ann don phobal sin;
- Na páistí atá sa dráma, tá siad crua go dtí pointe áirithe de dheasca bochtaineachta agus cruatain, agus fiosraíonn sé a gcás agus a gcuid streachailtí mar gheall ar an díothacht;
- Tógadh túrcheapa árasáin sna 1960idí mar fhreagairt ar fhadhbanna tithíochta na hionchathrach;
- Níor réiteach maith é an saol sna túrcheapa árasáin ar fhadhbanna tithíochta na Breataine. Bhí barraíocht daoine ina gcónaí taobh istigh de chúngach, agus mar gheall air sin, bhí méadú ar an choireacht, leibhéal níos airde d'fhabhanna meabhairshláinte agus ciontóireacht;
- Is i lár/i ndeireadh na nóchaidí a scríobhadh an dráma; tréimhse a bhí ann nuair a bhí méadú ar theannas ciniúil, agus bhí foréigean ar na sráideanna mar gheall air sin, agus fuair Páirtí Náisiúnta na Breataine a chéad suíochán i dtoghchán áitiúil sa bhliain 1993;
- Tréimhse héadónachais (lorg pléisiúir) a bhí ann sna 90idí, go háirithe sa phríomhchathair, agus ba iad mí-úsáid drugaí, alcólachas, coireacht agus iompar frithshóisialta comharthaí sóirt na tréimhse sin;
- Tá an dráma suite san *East End* (Ceann Thoir), ceann de na ceantracha is boichte de Londain; úsáidtear spéir liath agus túrcheapa árasáin liatha araon le suíomh ainnis ghruama a chruthú.

Cultúrtha

- Tá tionchar láidir ag cultúr an phopcheoil sna 90idí ar an dráma, ceol a raibh teachtaireachtaí rúnda morálta ann go minic. Sa chás seo, ba thionchar mór é banna ceoil darbh ainm Pulp;
- Is é an íomhá is coitianta de chultúr na n-óg sna 90idí ná 'speiceas uirbeach' na n-óg ag crochadh thart ar choirméil shráide, ag ól, ag caitheamh agus ag múitseáil. Ba dhufair uirbeach iad ceantracha na hionchathrach agus bhí róphlódú millteanach ann, agus bhí iompar frithshóisialta ann mar gheall air sin, go háirithe i measc déagóirí;
- Theip ar a lán scoileanna déileáil leis na hathruithe móra cultúrtha sa tsochaí i dtéarmaí an iliomad teanga a bhí á labhairt agus an tírdhreach athraitheach d'fhéiniúlachtaí cultúrtha. Ní hamháin sin, ach bhí dúshlán úra ag teacht as na fochultúir éagsúla agus na grúpaí ísle socheacnamaíocha seo. Tá seo le feiceáil in *Sparkleshark* trí cheist eindéimeach na bulaíochta agus an chórais aicmigh a léiritear;
- Tá tagairt déanta ag an údar do 'chultúr an aos óig' atá in easnamh; áitíonn sé go bhfuil muid beo i 'bhfásach cultúrtha' agus gurb iad na 'scéalaithe' a dtig leo cuidiú linn sceimhleacha an tsaol a thuiscint;
- Níl aon duine fásta sa dráma agus mar sin de, tá a gcuid samhlaíochta neamhspleách ar chur isteach ó dhaoine fásta.

Stairiúil

- Is píosa amharclannaíochta é seo atá dírithe go sainiúil ar an aos óg. Philip Ridley a scríobh é, agus coimisiúnaíodh go speisialta é don *Royal National Theatre* in 1997 agus ba é an Youth Lyric Theatre Group ó Bhéal Feirste a chuir ar an ardán é;
- Bhain *Sparkleshark* an chéad duais ag comórtas bliantúil *BT National Connections*;
- Rinne compántas gairmiúil *Sparkleshark* a léiriú ag an *Royal National Theatre* in 1999 sula ndeachaigh sé ar chamchuairt in 2001;
- Rugadh Ridley san *East End* i Londain sa bhliain 1964;
- Scríobhann sé faoin eispéireas pearsanta a bhí aige agus é ag fás aníos i gceantar *Bethnal Green* in ionchathair Oirthear Londan. An díon atá léirithe sa dráma, is é sin díon an árasáin teaghlaigh ina bhfuil cónaí air;
- An príomhcharachtar *Jake*, is léiriú é ar an scríbhneoir, Philip Ridley, a chuaigh i bhfolach sa scéalaíocht agus san fheartaisíocht le héalú ón bhulaíocht. Cruthaíonn Ridley atmaisféar de mhailís agus de bhagairt arbh fhéidir a mhacasamhail a fháil ar gach coirméal sráide agus sa chuid is mó de na clóis shúgartha. Is féidir an foréigean agus an tsiceolaíocht bhinbeach lom a aistriú chuig suíomh comhaimseartha ar bith.

Coinbhinsiúin na hAmharclannaíochta

- Tá **dráma taobh istigh de dhráma** in *Sparkleshark*. Is seanchiúta drámatúil é seo atá le feiceáil go minic i ndrámái Shakespeare;
- Ar na teicnící eile atá in úsáid, tá **insint tríú pearsa**, go háirithe, bíonn Russell ag labhairt sa tríú pearsa;
- Chomh maith leis sin, tá **urlabhra déach** sa dráma (beirt charachtar, Polly agus Jake), bíonn siad ag labhairt ag an am chéanna le fás a gcaidrimh a léiriú;
- Bíonn bogadh ann i gcónaí idir scéalaíocht na bhfinscéalta agus na fantaisíochta agus cora cainte chultúr na n-óg;
- Tá **tagairtí siombalacha** tríd an dráma ar fad, go háirithe sa scéal béaloidis nuair a bhíonn *Jake* agus *Russell* ag troid leis an dragan le chéile;
- Tá na **treoracha stáitse** tuairisciúil agus follasach. Mar shampla, cuirtear in iúl don lucht féachana go bhfuil ‘greim docht’ ag Jake ar thiachóg, ní hamháin go bhfuil tiachóg ina lámha aige.

Foirm agus stíl

- Tá an dráma scríofa in Aon Ghníomh agus tá sruth leanúnach aicsin tríd síos;
- Is d’Amharclann do Dhaoine Óga a scríobhadh é agus bhí sé dírithe ar dhaoine óga mar spriocphobal. Tá seisear buachaillí ann agus triúr cailíní, atá tuairim is 14/15 bliain d’aois;
- Tá sé suite ar dhion túrcheap árasáin in Oirthear Londan, ach d’fhéadfadh sé bheith suite in aon tírdhreach ionchathrach áit ar bith sa Bhreatain;
- Cuirtear eilimintí éagsúla le chéile sa dráma, tá contúirt ann i gcodarsnacht le saol draíochtúil na fantaisíochta agus tá réalachas an ghnáthlae i gcodarsnacht le saol cruthaitheach na samhlaíochta;
- Tá cur síos mionsonraithe ar an tseit i dtús an dráma, a bheadh ag obair go maith ar Stáitse Forstua nó ar Fhorstáitse. Tá stíl an dráma nádúraíoch agus níl ach an t-aon suíomh amháin in úsáid tríd síos;
- Tá an ceantar tréigthe, as úsáid; ba chóir go léireodh an seit agus na fearais stáitse é seo.

Seánra

- Dráma comhaimseartha a scríobhadh faoi choinne Amharclannaíocht don Aos Óg;
- Baineann an dráma le d'fhéiniúlacht féin a aimsiú, céimlathas sna caidrimh idir déagóirí, mothú scoiteachta, agus fadhbanna le cumarsáid;
- Tá ceacht morálta sa dráma faoin duine atá thíos agus an dóigh a dtig le duine fadhbanna le bulaíocht agus griogadh a shárú;
- Is droichead é an ealaín agus an léiriú mothúchán a dtig le gach duine iad a rochtain agus a úsáid le héalú ó shaol cruá na nua-haoise agus na dúshláin uilig a bhaineann leis. An dráma atá taobh istigh den dráma, cuidíonn sé le bealach a chur ar fáil don éalú seo, modh cumarsáide do gach duine agus dóigh leis na carachtair iad féin a chur in iúl beag beann ar an chás ina bhfuil siad.
“I bhfásach cultúrtha an lae inniu, is duine é an scéalaí a dtig leis cuidiú le daoine sceimhleacha an tsaoil a thuiscint.” Philip Ridley;
- Tá an dráma nádúraíoch ina stíl, ach tá eilimintí de ghreann agus babhtá de scéalaíocht na fantaisíochta ann.

Teanga

- Tá an teanga comhaimseartha sna hidirghníomhaíochtaí réalaíochta idir carachtair. Bíonn sí giorraisc in amanna agus léiríonn sé an dóigh a labhraíonn déagóirí na linne seo;
- Is minic a bhíonn canúint ann, agus tá cora cainte neamhchaighdeánacha in úsáid an t-am ar fad;
- Léiríonn ton na cainte grúpa ógánach a bhfuil díomá orthu, ógánaigh ó ghrúpa íseal socheacnamaíoch. An teanga sna seichimh fantaisíochta agus scéalaíochta, cuirtear í i gcodarsnacht leis na hidirghníomhaíochtaí réalaíochta dialógacha idir an grúpa déagóirí agus tá sí níos áibhéil chomh maith le bheith níos fileata in amanna;
- Cuireann focail agus scéaltaí tearmann agus bealach éalaithe ar fáil don príomhcharachtar Jake. Tá sé ar maos sna focail agus léiríonn an chéad chúpla líne tábhacht na bhfocal do Jake agus é ag iarraidh cinneadh a dhéanamh maidir leis an fhocal cheart dá scéal. Is sólas iad na focail do Jake;
- Bíonn na focail a úsáideann gach duine agus an dóigh a labhraíonn siad iad ag léiriú charachtar an duine sin agus an aicme atá acu taobh istigh de chéimlathas an ghrúpa;
- Agus sin ráite, léiríonn an dóigh a roghnaíonn Russell focail le cur síos air féin go mbíonn sé ag úsáid na bhfocal mar dhóigh lena chuid neamhchinnteachta a chlúdach agus, go dtí pointe áirithe, go díreach ar nós Jake, le hé féin a chosaint. Baineann sé úsáid as urtheilgean agus áibhéil;
- Tá rithim sho-aitheanta ar leith i dteanga na sráideanna.

Struchtúr

- Tá an dráma suite thar aon lá amháin i saol Jake, an príomhcharachtar. Tosaíonn sé ‘thart ar 4.30 p.m.’ i ‘lár Mheán Fómhair’ ar dhíon túrcheap árasáin in Oirthear London;
- Is dráma aonghnímh é *Sparkleshark*. Tá seisear buachaillí agus triúr cailíní ann. Tá gach carachtar idir 14-16 bliana d’aois;
- I dtús an dráma, tá Jake ar dhíon an túrchip árasáin ag scríobh scéalta. Tá sé ina shaol príobháideach féin, nuair a chuireann Polly isteach air. I ndiaidh tamall cainte aici le Jake, tuigeann sí go bhfuil níos mó ann ná mar a mheas sí;
- De réir mar a théann an dráma ar aghaidh, cuirtear níos mó carachtar in aithne dúinn. Tá roinnt clichéanna sóisialta san áireamh anseo; Tagann an cailín cúlailte ar a cara ag labhairt leis an ‘Chiotachán’ (*Geek*) agus ansin tagann ‘Na Bulaithe’ isteach;
- Bogann an dráma ón réalaíocht go fantaisíocht agus nochtann sé cosúlachtaí idir an dá rud, rudaí atá ina siombailí ar shaol an déagóra thipiciúil: fantaisíocht, mistéir, contúirt agus grá;
- Tá an dráma dírithe ar an steiréitíopa fhaiseanta, cúlailte, ach tá sé d’aidhm aige cumhacht an éalaithe trí fhanaisíocht agus trí scéalaíocht a léiriú, chomh maith leis an éifeacht chomhchoiteann is féidir a bheith aige seo. An teachtaireacht a fhágtar dúinn, go gcaithfidh muid cuidiú linn féin agus in amanna, go gcaithfidh muid bheith cróga agus é á dhéanamh.

